



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
COLLINS
arna tabhairt an 2 Márta 2023¹

Cás C-35/22

CajasurBanco S. A.

v
**JO,
IM**

(Iarraidh ar réamhrialú ón Audiencia Provincial de Málaga (an Chúirt Chúige, Málaga, an Spáinn))

(Iarraidh ar réamhrialú – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Coinníollacha ginearálta conradh iasachta do mhorgáiste arna chur ar neamhní ag cúirteanna náisiúnta– Reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar thomhaltóir éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh d’fhonn dámhachtain na gcostas in imeachtaí dlí dá éis sin a áirithiú – Cosaint dlí éifeachtach – Riaradh fóna an cheartais)

I. Réamhrá

1. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 395 de Ley 1/2000 de Enjuiciamiento Civil (Dlí 1/2000 maidir le Cód an Nós Imeachta Shibhialta, “Cód an Nós Imeachta Shibhialta”) an 7 Eanáir 2000,² dar teideal “Ordú maidir le costais nuair a ghéilltear don éileamh”:

“(1) I gcás go ngéillfear d’éileamh sula ndéantar an ráiteas cosanta a thaisceadh, níor cheart go n-ordófaí do cheachtar páirtí costais na n-imeachtaí a íoc, ach amháin sa chás go gcinntíodh an chúirt, ar bhonn atá réasúnaithe go cuí, gur ghníomhaigh an cosantóir de mheon mímhacánta.

Measfar, ar aon chuma, meon mímhacánta a bheith ann más rud é, roimh aon chaingean dlí, go bhfuair an cosantóir éileamh atá dlite agus a bhfuil bunús leis ar íocaíocht, más rud é gur tionscnaíodh imeachtaí idirghabhála nó más rud é gur seoladh iarraidh ar idir-réiteach chuige nó chuici.

(2) I gcás go ngéilltear d’éileamh tar éis thaisceadh an ráitis cosanta, beidh feidhm ag mír 1 den airteagal roimhe seo.”

¹ Bunteanga: an Béarla.

² BOE Uimh. 7 an 8 Eanáir 2000, lch. 575.

2. Má bhíonn tomhaltóir ag iarraidh dul i muinín rialacha náisiúnta lena dtugtar feidhm do Threoir 93/13/CEE³ an 5 Aibreán 1993 d'fhonn a chur ina luí ar chúirt téarmaí maidir le táillí morgáiste i gconradh iasachta a chur ar leataobh, an gcaithfidh an tomhaltóir sin aisíocaíocht a éileamh ar an institiúid creidmheasa atá ina cosantóir sula dtionscnaíonn sé imeachtaí dá leithéidí, ionas go mbeadh sé ábalta meon mímhacánta ar thaobh an chosantóra a léiriú chun críche Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta thuasluaite?

II. An díospóid sna príomhimeachtaí, an iarraidh ar réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

3. Ar dháta áirithe nach sonraítear, chuir beirt aonair, JO agus IM, comhaontú iasachta morgáiste i gcrích le Cajasur Banco S.A. (“Cajasur”).

4. In 2018, thionscain JO agus IM imeachtaí dlí os comhair Juzgado de Primera Instancia n° 18 bis de Málaga (Cúirt Chéadchéime Uimh. 18a, Málaga, an Spáinn) inar iarr siad dearbhú neamhbhailíochta, ar fhorais éagothroime, maidir le téarma a cheangal orthu na táillí morgáiste sa chomhaontú iasachta a íoc. Ina theannta sin, d'iarr siad go n-aisíocfaí an t-airgead a bhí íoctha acu de bhun an téarma sin. Ní raibh éileamh ar íocaíocht seachadta ar Cajasur ag JO agus IM sular thionscain siad an chaingean.

5. Nuair a fuair Cajasur fógra faoi na himeachtaí dlí, ghéill siad don éileamh go raibh an téarma maidir le táillí morgáiste éagórach. Thairg siad suim níos lú ná mar a éilíodh a aisíoc, arna ríomh de réir an chásdlí is deireanaí de chuid an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn).

6. An 2 Márta 2020, dhearbhaigh Juzgado de Primera Instancia n° 18 bis de Málaga (Cúirt Chéadchéime Uimh. 18a, Málaga) go raibh an téarma maidir leis na táillí morgáiste a íoc ar neamhní ar fhorais éagothroime. D'ordaigh sí do Cajasur an tsuim a bhí íoctha san éagóir ag JO agus IM, eadhon, EUR 488.69, a aisíoc leo. D'ordaigh sí do Cajasur costais na n-imeachtaí dlí a íoc freisin.

7. Rinne Cajasur achomharc chuig Audiencia Provincial de Málaga (an Chúirt Chúige, Málaga, an Spáinn), an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne an chuid sin den bhreithiúnas lenar ordaiódh dó costais na n-imeachtaí a íoc, ar an bhforas gur rinneadh é de shárú ar Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta.

8. De réir an ordaithe tarchuir, leagtar na prionsabail seo a leanas amach i gcásdlí an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) d'fhonn a shuíomh arbh ann do mheon mhímhacánta chun críocha Airteagal 395(1) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta.⁴ Ar an gcéad dul síos, i gcás go ndéanann an t-iarratasóir éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh agus nach dtugann an cosantóir aon fhreagra, is é an cosantóir a íocfaidh na costais fiú má ghéilleann sé do na

³ IO 1993 L 95, lch. 29.

⁴ Breithiúnais Uimh. 2295/2021 an 8 Meitheamh 2021 (ES:TS:2021:2295); Uimh. 3413/2021 an 22 Meán Fómhair 2021 (ES:TS:2021:3413); agus Uimh. 3421/2021 an 22 Meán Fómhair 2021 (ES:TS:2021:3421). I mbreithiúnas Uimh. 2295/2021 an 8 Meitheamh 2021, rialaigh an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) nár tugadh dóthain ama don chosantóir freagra a thabhairt ar éileamh i gcás ina ndearna an t-iarratasóir imeachtaí dlí a thionscnamh 10 lá oibre tar éis dó éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh. Ní fhéadfaí a mheas, mar sin, gur ghníomhaigh an cosantóir de mheon mímhacánta, d'ainneoin gur ghéill sé don éileamh sula ndearna sé cosaint a thaisceadh. I mbreithiúnas Uimh. 3413/2021 an 22 Meán Fómhair 2021, thionscain an t-iarratasóir imeachtaí dlí cúpla lá tar éis don chosantóir freagra a thabhairt ar éileamh réamhdhlíthíochta ina ndúirt sé go raibh sé toilteanach téarma i gcomhaontú maidir le hiasacht mhorgáiste a scriosadh, ar cuireadh ar neamhní roimhe sin le breithiúnas de chuid an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) ar fhorais éagothroime, le héifeacht ó dháta an bhreithiúnais i leith. Rialaigh an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) nár ghníomhaigh an cosantóir de mheon mímhacánta agus dá bhrí sin nach gcaithfeadh sé costais na caingne a íoc.

himeachtaí dlí sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh. Ar an dara dul síos, mura seachadann an t-iarratasóir éileamh réamhdhlíthíochta, nó má dhéanann sé nó sí amhlaidh ach nach dtugann dóthain ama don chosantóir freagra a thabhairt, ní hé an cosantóir a íocfaidh na costais, fiú i gcás go ngéilleann sé don éileamh sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh.

9. Measann an chúirt a rinne an tarchur go mb'fhéidir go bhfuil an cásdlí sin contrártha leis an gceart chun cosaint dlí éifeachtach a fháil a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 6(1) de Threoir 93/13, sa mhéid is go gcuirtear coinníoll leis an gceart chun cúiteamh iomlán a fháil leis an gcásdlí sin go gcaithfear éileamh a sheachadadh sula dtionscnaítear imeachtaí.

10. Deir an chúirt a rinne an tarchur, d'ainneoin gur dhearbhaigh an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) go raibh an téarma dlíthíoch ar neamhní ar fhorais éagothroime,⁵ nach gnách le baint tomhaltóirí a aisíoc as suimeanna airgid arna n-íoc faoina leithéid de théarma, ach go bhfanann siad go dtionscnaítear imeachtaí dlí. I gcás nach ndéanann an tomhaltóir éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh, géilleann na baint don éileamh sula ndéanann siad cosaint a thaisceadh d'fhonn is go seachnódh siad costais na n-imeachtaí dlí a íoc.

11. D'ainneoin a roimhe seo, deir an chúirt a rinne an tarchur freisin go mb'fhéidir go measfaí gur ghníomhaigh cosantóir de mheon mímhacánta in imthosca áirithe eile. Áirítear sna himthosca sin cás ina mbíonn an cosantóir ar an eolas go bhfuil téarma éagórach, agus nach ndéanann sé aon iarracht deireadh a chur le hiarmhairtí an téarma sin do thomhaltóirí, ach ina ionad sin go bhfanann sé go dtí go ndéanann an tomhaltóir imeachtaí dlí a thionscnamh agus a fhios aige, mura ndéantar éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh, nach mbeidh oibleagáid air costais na n-imeachtaí sin a íoc má ghéilleann sé don éileamh sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh.

12. I bhfianaise an mhéid sin, chinn Audiencia Provincial de Málaga (an Chúirt Chúige, Málaga) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur go dtí an Chúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

“(1) An bhfuil sé contrártha don cheart chun cosaint dlí éifeachtach a fháil agus d’Airteagal 47 den [Chairt] ceangal a chur ar thomhaltóir éileamh ar íocaíocht a sheachadadh lasmuigh den chúirt chun go bhfaigheadh sé an cúiteamh iomlán (lena n-áirítear costais na n-imeachtaí dlí) a bhaineann le dearbhú maidir le téarma ar leith a bheith ar neamhní ar fhorais éagothroime, de bhua Airteagal 6(1) de [Threoir 93/13]?”

(2) An dtagann sé salach ar an gceart chun cúiteamh iomlán a fháil agus ar phrionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 6(1) de [Threoir 93/13] forchur na gcostas (lena n-áirítear táillí dlíthiúla) a thabhairt faoi réir coinníoll atá bunaithe ar éileamh ar íocaíocht lasmuigh den chúirt a bheith ann roimh ré, arna sheachadadh ag an tomhaltóir chuig an institiúid airgeadais d'fhonn fáil réidh leis an téarma sin?”

13. Thaisc Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach araon barúlacha i scríbhinn. Le linn éisteacht an 11 Eanáir 2023, thug Cajasur, Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún pléadálacha ó bhéal agus d'fhreagair siad ceisteanna na Cúirte.

⁵ Breithiúnas Uimh. 705/2015 an 23 Nollaig 2015 (ES:TS:2015:5618).

II. Measúnú

A. Inghlacthacht

14. Áitíonn Rialtas na Spáinne, agus d'aontaigh Cajasur leo le linn na héisteachta, gur chuir an chúirt a rinne an tarchur an creat fíorasach agus dlíthiúil i láthair go míchruinn ar chaoi a fhágann go bhfuil na ceisteanna a tarchuireadh do-ghlactha. Tá ceithre argóint acu mar bhun leis an áiteamh sin.

15. Ar an gcéad dul síos, áitíonn siad nach sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur méid na gcostas a ordaíodh don chosantóir a íoc.

16. Ar an dara dul síos, luaitear san ordú tarchuir gur ghéill Cajasur d'éileamh JO agus IM sa mhéid gur bhain sé le héagothroime an téarma ach nár ghéill siad don tsuim a bhí á héileamh. Ó tharla gur ghlac JO agus IM dá éis sin leis an tsuim a thairg Cajasur dóibh, áitíonn Rialtas na Spáinne nár géilleadh don éileamh ina iomláine, rud a fhágann nach bhfuil feidhm ag Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta. Ordaíodh don chosantóir na costais a íoc de bharr go raibh bunús maith le bunábhar na caingne, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag Airteagal 394 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta.

17. Ar an tríú dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios go míchruinn nach gcúitítear an tomhaltóir go hiomlán as iarmhairtí diúltacha na dtéarmaí éagóracha ach amháin i gcás go n-íocann an cosantóir costais na n-imeachtaí dlí de bhun Threoir 93/13. Ráineodh, áfach, go bhfaigheadh tomhaltóirí cúiteamh iomlán dá ndéanfadh sé éileamh réamhdhlíthíochta, agus sa chás sin bheadh uain ag an gcosantóir an t-éileamh a shásamh, faoi phian costais aon dlíthíocht a mbeadh ar an iarratasóir a thionscnamh ina dhiaidh sin a íoc.

18. Ar an gceathrú dul síos, aighníonn Rialtas na Spáinne go bhfuil na ceisteanna do-ghlactha de bhrí is go bhfuil Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, arna léiriú ag an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach), i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt agus le Treoir 93/13. Maíonn Rialtas na Spáinne nach bhforáiltear le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta ach go mbeidh toimhde an mheoin mhímhacánta ann i gcás go ndéantar éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh ar an gcosantóir agus go ngéilleann sé don éileamh sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh. Ní hin é an t-aon chás ina ráineodh go measfaí meon mímhacánta a bheith ann.

19. D'áitigh an Coimisiún le linn na héisteachta go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear inghlactha.

20. I gcomhréir le cásdlí socair, in imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, arb é is bun leo ná scaradh soiléir na bhfeidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt, is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair, agus a chaithfidh a bheith freagrach as aon chinneadh breithiúnach a leanfaidh, agus faoin gcúirt sin amháin atá sé cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise na n-imthosca faoi leith i gcás, faoin ngá atá le réamhrialú lena chur ar a cumas breithiúnas a thabhairt agus faoi ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte. Dá bharr sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a chuirtear isteach le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh, ní foláir don Chúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt.⁶

⁶ Breithiúnas an 14 Meitheamh 2012, *Banco Español de Crédito* (C-618/10, EU:C:2012:349, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

21. Bíonn, dá bhrí sin, toimhde na hábharthachta ag baint le ceisteanna i leith dhlí an Aontais Eorpaigh a chuireann cúirteanna náisiúnta isteach.⁷ Ní fhéadfaidh an Chúirt diúltú rialú a thabhairt ar cheist a tharchuireann cúirt náisiúnta ach amháin i gcás gur follas nach bhfuil baint dá laghad ag an léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh a iarrrtar leis na fíorais iarbhír, i gcás gur ceist hipitéiseach atá i gceist, nó i gcás nach bhfuil an t-ábhar fíorasach agus an t-ábhar dlíthiúil is riachtanach os comhair na cúirte chun freagra fóna a thabhairt ar na ceisteanna atá faoina bráid.⁸

22. Ní chomhlíontar na coinníollacha sin sa chás seo. Is léir go bhfuil na ceisteanna san ordú tarchuir ábhartha chun críoch bhreithniú na díospóide atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur ós rud é go bhfuil an chúirt sin ag iarraidh a chinntiú an é go gcuirtear bac ar fheidhmiú rialacha amhail Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta i leith leithroinnt na gcostas in imeachtaí dlí le Treoir 93/13 agus Airteagal 47 den Chairt. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na hagóidí in aghaidh inghlacthacht na gceisteanna a dhiúltú ar an bhforas sin amháin.

23. Maidir leis an gceithre agóid eile maidir le do-ghlacthacht a rinne Rialtas na Spáinne, molaimse go ndiúltódh an Chúirt dóibh ar na cúiseanna seo a leanas.

24. Ar an gcéad dul síos, maidir leis na costais a ordaíodh don chosantóir a íoc gan bheith sonraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, níl aon bhaint aige sin leis an bhfreagra ar na ceisteanna arna gcur.

25. Ar an dara dul síos, níl dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais a chinneadh ar léirigh an chúirt a rinne an tarchur na rialacha náisiúnta go cruinn.⁹ Is faoin dara cúirt sin atá sé a chinneadh an é Airteagal 394 nó Airteagal 395 an fhoráil ábhartha chun críche rialú a thabhairt ar na himeachtaí atá os a comhair. Sa chomhthéacs sin, tugaim do m'aire, i gcontrárthacht le tuairim Rialtas na Spáinne, gur ordaíodh don chosantóir, le breithiúnas de chuid an Juzgado de Primera Instancia n° 18 bis de Málaga (Cúirt Chéadchéime Uimh. 18a, Málaga) a tugadh an 2 Márta 2020, na costais a íoc de bhrí gur ghéill sé don éileamh ina iomláine.

26. Teipeann ar an tríú agus ar an gceathrú agóid a rinne Rialtas na Spáinne ar an bhforas go mbaineann siad le smior na gceisteanna a tharchuirtear. Go deimhin, d'fhéadfaí a rá go neartaíonn na hagóidí céanna an tuairim gurb iomchuí don chúirt na ceisteanna sin a fhreagairt.

B. Substant

27. Sa dá cheist a chuireann an chúirt a rinne an tarchur, ar ceart iad a fhreagairt le chéile, fiafraíonn sí go bunúsach ar cheart Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta agus le hAirteagal 47 den Chairt, ar chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta, i gcás go ngéilleann cosantóir d'éileamh in imeachtaí dlí sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh, lena ndéantar ordú lena gceanglaítear ar an gcosantóir costais na n-imeachtaí sin a íoc a chur faoi réir an choinníll gur cinneadh gur ghníomhaigh sé de mheon mímhacánta.

⁷ Breithiúnas an 26 Meitheamh 2019, *Aleš Kuhar agus Jožef Kuhar v Addiko Bank d.d.* (C-407/18, EU:C:2019:537, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁸ Breithiúnas an 14 Meitheamh 2012, *Banco Español de Crédito* (C-618/10, EU:C:2012:349, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁹ Breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Caixabank agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria* (C-224/19 agus C-259/19, EU:C:2020:578, mír 40).

1. Áitímh na bpáirtithe

28. Measann Cajasur, Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais Eorpaigh ar reachtaíocht náisiúnta dála na reachtaíochta atá i gceist os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

29. Rinne Cajasur a áiteamh le linn na héisteachta nach gcuirtear de cheangal ar thomhaltóirí le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh ar na cosantóirí d'fhonn go ndéanfaí costais na dlíthíochta arna dtabhú a dhámhachtain dóibh féin. I bhfianaise imthosca an cháis atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur, áfach, níor ghníomhaigh Cajasur de mheon mímhacánta.

30. Áitíonn Rialtas na Spáinne go bhfuil Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, mar a léirítear i gcásdlí an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) é, de réir cheanglas Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 6(1) de Threoir 93/13. Ní dhéantar le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta ach toimhde dofhriisnéise an mheoin mhímhacánta a bhunú a luaithe a dhéanann an tomhaltóir éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh. Ní chuirtear as an áireamh i gcásdlí an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) go bhféadfadh an tomhaltóir meon mímhacánta ar thaobh an chosantóra a léiriú fiú i gcás nach ndearna an tomhaltóir éileamh dá leithéid a sheachadadh, faoi mar a thugtar le fios le mír 14 den ordú tarchuir. Le linn na héisteachta, d'aighnigh Rialtas na Spáinne go mb'fhéidir gurbh amhlaidh a bheadh i gcás gur dearbhaíodh cheana i gcásdlí an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) go bhfuil téarma, dála an téarma atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur, éagórach agus i gcás, de bharr a chineáil, go bhfágann éagthroime an téarma nach bhfuil gá le measúnú de réir an cháis.

31. Ina theannta sin, measann Rialtas na Spáinne nach cosaint absalóideach í cosaint tomhaltóirí agus nach foláir comhréiteach a dhéanamh idir í agus riaradh fóna an cheartais. Déantar an prionsabal arna lua ar deireadh ansin a chur chun cinn le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta sa chaoi is go dtugann sé spreagadh d'iarratasóirí réitigh lasmuigh den chúirt a lorg i ndíospóidí trí fhógra a thabhairt do chosantóirí go bhfuil ar intinn acu imeachtaí dlí a thionscnamh sula ndéanann siad amhlaidh. Ní fhágtar nach mbíonn cosaint dlí éifeachtach á teachtadh ag tomhaltóirí ar an mbonn go gcaithfidh siad cloí le híoscheanglais nós imeachta d'fhonn a gcearta a bhaint amach mar a éilítear le hAirteagal 47 den Chairt. Rud eile de, dearbhaíodh go bhféadfadh ceanglas chun dul i mbun nós imeachta socraíochta sula ndéantar imeachtaí a thionscnamh a bheith i measc na n-íoscheanglas sin.¹⁰ Níl sásra lena spreagtar tomhaltóirí chun díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt, dála an tsásra atá in Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, a fortiori, i gcontráthacht leis an bprionsabal sin. Is féidir spreagadh dá leithéid a cheadú go héasca ionas nach gcuirtear ualach as cuimse ar an tomhaltóir agus nach dtéitear thar an méid is gá d'fhonn an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach.

32. Is é an áiteamh deiridh ó Rialtas na Spáinne ná go dtugtar dóthain saoirse dá chúirteanna le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta chun a chur ar a gcumas é a chur i bhfeidhm ar bhealach atá i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh.

33. Is é pointe tosaigh an Choimisiúin ná gur riail shainordaitheach atá in Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 atá ar comhchéim le rialacha de chuid an bheartais phoiblí. Ós rud é nach ndéantar comhchuíbhiú le Treoir 93/13 ar na rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le

¹⁰ Breithiúnais an 18 Márta 2010, *Alassini agus páirtithe eile* (C-317/08 go C-320/08, EU:C:2010:146, míreanna 61 go 65); an 14 Meitheamh 2017, *Menini agus Rampanelli* (C-75/16, EU:C:2017:457, míreanna 52 go 55); agus an 27 Meán Fómhair 2017, *Puškár* (C-73/16, EU:C:2017:725, míreanna 70 agus 71).

díospóidí i dtaobh téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, is le dlí-chórais inmheánacha na mBallstát a rialaítear na cúrsaí sin, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas na mBallstát ó thaobh nósanna imeachta de, agus faoi réir na hurraime do phrionsabal an chomhionannais agus do phrionsabal na héifeachtachta. Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh rialacha nós imeachta lena rialaítear leithroinnt chostais na n-imeachtaí dlí a bheith ina n-ábhar imní ó thaobh phrionsabal na héifeachtachta de má bhíonn mar thoradh orthu tomhaltóirí a chur óna gcearta a dhearbhu os comhair na gcúirteanna. An tsaincheist a ardaítear leis an tarchur chun réamhrialú seo ná an bhfuil Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, arna léiriú ag an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach), ina chonstaic gan údar roimh thomhaltóirí a bhíonn ag iarraidh a gcearta maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a dhearbhu agus cúiteamh iomlán a fháil.

34. Luann an Coimisiún nach gceanglaítear ar thomhaltóirí le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh ar an gcosantóir sula ndéanann siad imeachtaí dlí a thionscnamh. I gcásanna nach ndéanann tomhaltóirí éilimh réamhdhlíthíochta dá leithéid a sheachadadh, bíonn baol ann go mbeidh orthu costais na n-imeachtaí dlí a íoc má ghéilleann an cosantóir don éileamh sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh. Dar leis an gCoimisiún, ní bhíonn aon sárú ar phrionsabal na héifeachtachta ann más féidir le tomhaltóirí an baol sin a sheachaint go saoráideach agus más féidir údar maith a thabhairt leis an riail faoi threoir riaradh fóna an cheartais. Sa chás seo, is féidir le tomhaltóirí an ceanglas a chomhlíonadh go saoráideach, ag gníomhú dóibh thar a gceann féin nó le cúnamh dlíodóra. Ní constaic dhíríreach roimh dhearbhu a gceart a cheangal ar thomhaltóirí méid áirithe a dhéanamh as a stuaim féin d'fhonn a leas a chosaint. Cuirtear riaradh fóna an cheartais chun cinn leis an riail atá i gceist, ar cuspóir dlisteanach é atá i gcomhréir le cosaint tomhaltóirí.

35. Is é aighneacht deiridh an Choimisiúin ná, cé go mbunaítear toimhde an mheoin mhímhacánta ar thaobh an chosantóra le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta nuair a dhéantar éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh air, ní chuirtear bac leis ar thomhaltóirí a léiriú gurb ann don mheon mímhacánta ar fhorais eile. Maidir leis an méid sin, dúirt an Coimisiún le linn na héisteachta go mb'fhéidir gurbh iomchuí a chur san áireamh in aon mheasúnú más rud é gur dearbhaíodh cheana i gcásdlí na gcúirteanna náisiúnta go raibh téarma áirithe éagórach agus go raibh a mhacasamhail d'imeachtaí tionscanta ag tomhaltóirí eile i gcoinne an chosantóra ar an bhforas sin.

2. *Anailís*

36. Faoi Airteagal 6(1) de Threoir 93/13, déanfaidh na Ballstáit foráil chun nach gcuirfidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh a chomhaontaíonn díoltóir nó soláthróir le tomhaltóir, faoi mar a fhoráiltear faoina ndlí náisiúnta, ceangal ar an tomhaltóir. Mar sin féin, cuirfidh an conradh ceangal ar na páirtithe i gcónaí más féidir leis seasamh in éagmais na dtéarmaí éagóracha. Measfar an riail shainordaitheach sin a bheith ar comhchéim le rialacha náisiúnta a bhfuil tréithe rialacha de chuid an bheartais phoiblí iontu laistigh den dlíchóras náisiúnta. Tá mar aidhm aici cothromaíocht éifeachtach, lena n-athbhunaítear an combhionannas idir na páirtithe, a chur in ionad na cothromaíochta foirmiúla idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe arna bunú leis an gconradh.¹¹

¹¹ Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Gutiérrez Naranjo agus páirtithe eile* (C-154/15, C-307/15 agus C-308/15, EU:C:2016:980, míreanna 54 agus 55).

37. I bhfianaise leas tábhachtach an phobail i gcosaint tomhaltóirí, cuirtear d'oibleagáid ar Bhallstáit le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13, ar mhaithe le tomhaltóirí agus le hiomaitheoirí, bealaí leormhaithe agus éifeachtacha a chur ar fáil d'fhonn an úsáid leanúnach de théarmaí éagóracha i gconarthaí a chomhaontaítear idir tomhaltóirí agus díoltóirí agus soláthróirí a chosc.¹² Is é is bun leis an gcóras cosanta sin ná an bunsmaoineamh go mbíonn laige ag baint le seasamh an tomhaltóra le hais díoltóirí nó soláthróirí, go mór mór ó thaobh leibhéal a n-eolais de.¹³

38. Rinneadh léiriú ar Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 ar chaoi nach foláir a mheas, i bprionsabal, nárbh ann riamh d'aon téarma i gconradh a chinntear a bheith éagórach, ionas nach bhféadfadh aon éifeacht a bheith aige ar an tomhaltóir. Ní mór do chinneadh cúirte lena meastar go bhfuil a leithéid de théarma éagórach, i bprionsabal, an tomhaltóir a chur ar ais sa staid dhlíthiúil agus fhíorasach ina mbeadh sé murarbh ann don téarma sin in aon chor.¹⁴

39. I gcomhréir le prionsabal roinnt na gcumhachtaí mar a leagtar amach in Airteagail 5(1) agus 5(2) CAE é, áfach, gníomhóidh an tAontas faoi theorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha dó ag na Ballstáit sna Conarthaí d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sna Conarthaí a bhaint amach.¹⁵

40. De réir cásdlí socair, ní chomhchuibhítear na nósanna imeachta maidir le hiniúchadh ar éagothroime téarma le dlí an Aontais Eorpaigh, agus is faoi dhlíchórais na mBallstát é na nósanna imeachta sin a rialú.¹⁶ Ós rud é gur ceist a bhaineann le nós imeachta dlíthiúil go smior í an cheist maidir le dámhachtain costas imeachtaí dlí os comhair cúirteanna náisiúnta, tagann rialú na ceiste sin faoi uathriail na mBallstát ó thaobh nósanna imeachta de.¹⁷ I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE, caithfidh na rialacha sin a bheith chomh fabhrach céanna le rialacha lena rialaítear caingne náisiúnta den saghas céanna (prionsabal na coibhéise) agus ní féidir na rialacha a cheapadh ar shlí a dhéanadh feidhmiú na gceart a bhronntar le dlí an Aontais Eorpaigh dodhéanta nó ródheacair (prionsabal na héifeachtachta).¹⁸

41. Níl aon ní sna cáipéisí atá os comhair na Cúirte a thugann le fios go gcuirtear na rialacha nós imeachta atá i gceist i bhfeidhm go neamhionann ag brath ar cé acu a bhronntar an ceart ábhartha faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoin dlí náisiúnta. Dá réir sin, ní bhaineann prionsabal na coibhéise le hábhar na gceisteanna arna dtarchur.

42. Maidir le prionsabal na héifeachtachta, an gcaithfear a scrúdú an é go bhfághtar le foráil nós imeachta náisiúnta go mbeadh feidhmiú dhlí an Aontais Eorpaigh dodhéanta nó ródheacair, trí thagairt a dhéanamh do ról na forála náisiúnta sin sa nós imeachta, a dul chun cinn agus a saintréithe agus á scrúdú ina hiomláine, os comhair na gcomhlachtaí náisiúnta a bhfuil dlínse acu breithiúnas a thabhairt i gcúrsaí dá leithéidí. Sa chomhthéacs sin, b'fhéidir nár mhór prionsabail atá ag croílár an dlíchórais náisiúnta a chur san áireamh ar nós cumhdach chearta na cosanta,

¹² Ibid., mír 56.

¹³ Breithiúnais an 4 Meitheamh 2009, *Pannon GSM* (C-243/08, EU:C:2009:350, mír 22), agus an 16 Iúil 2020, *Caixabank agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria* (C-224/19 agus C-259/19, EU:C:2020:578, mír 67).

¹⁴ Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Gutiérrez Naranjo agus páirtithe eile* (C-154/15, C-307/15 agus C-308/15, EU:C:2016:980, mír 61).

¹⁵ Breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2017, *Anagnostakis v an Coimisiún* (C-589/15 P, EU:C:2017:663, mír 97).

¹⁶ Breithiúnais an 26 Meitheamh 2019, *Aleš Kuhar agus Jožef Kuhar v Addiko Bank d.d.* (C-407/18, EU:C:2019:537, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 22 Meán Fómhair 2022, *Vicente* (Caingean chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú) (C-335/21, EU:C:2022:720, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁷ Breithiúnais an 16 Iúil 2020, *Caixabank agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria* (C-224/19 agus C-259/19, EU:C:2020:578, mír 95), agus an 7 Aibreán 2022, *Caixabank* (C-385/20, EU:C:2022:278, mír 47). Féach freisin, ina leith sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Vicente* (Caingean chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú) (C-335/21, EU:C:2022:720, mír 53).

¹⁸ Breithiúnais an 16 Iúil 2020, *Caixabank agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria* (C-224/19 agus C-259/19, EU:C:2020:578, mír 83), agus an 22 Meán Fómhair 2022, *Vicente* (Caingean chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú) (C-335/21, EU:C:2022:720, mír 54).

prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, agus reáchtáil chuí imeachtaí.¹⁹ Sa mhéid go bhfuil mar aidhm leo an brú a bhíonn ar an gcóras dlíthiúil a mhaolú, féadfar údar maith a thabhairt le rialacha nós imeachta a ghlahtar chun an leas ginearálta atá ann i riaradh cuí an cheartais a shaothrú, agus áirítear leis sin rialacha lena n-éilítear iarracht bhreise ó thomhaltóirí a bhíonn ag iarraidh a gcearta a bhaint amach, ar choinníoll nach dtéitear thar an méid is gá d'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach.²⁰

43. Ní féidir an gá atá ann cloí le prionsabal na héifeachtachta a leathnú chomh fada ionas go dtabharfaí cúiteamh iomlán don tomhaltóir mar gheall ar bheith ina thámh.²¹ Ós rud é nach rud absalóideach í cosaint tomhaltóirí, ní cheiltear a cheart chun cosaint dlí éifeachtach a fháil ar thomhaltóir de bhrí nach mór dó cloí le ceanglais áirithe nós imeachta chun a chearta a bhaint amach.²² Mar sin féin, caithfidh cead a bheith ag an tomhaltóir, faoi choinníollacha réasúnta nós imeachta, imeachtaí dlí a thionscnamh chun agóid a dhéanamh faoi ábhar na gconarthaí, lena n-áirítear leithroinnt na gcostas, agus caithfidh nach bhfágfadh na coinníollacha sin go bhfuil feidhmiú na gcearta a ráthaítear le Treoir 93/13 dodhéanta nó ródheacair.²³

44. Rialaigh an Chúirt maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, maille le prionsabal na héifeachtachta, go gcoisctear leo córas lena n-éileofaí ar thomhaltóirí cuid de chostais na n-imeachtaí a íoc dá rialófaí go raibh téarma i gconradh ar neamhní de bharr éagothroime, faoi réir mhéid an airgid a íocadh go mícheart a aisíocadh leo. Cruthaíonn a leithéid de chóras constaic shubstaintiúil ar dócha go gcuirfidh sé tomhaltóirí ó fheidhmiú a gceart chun athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil maidir le téarmaí dá leithéid.²⁴ Rialaigh an Chúirt chomh maith céanna go bhféadfadh riail faoina gcaithfeadh tomhaltóirí trí cheathrú de na táillí cúirte a íoc nuair a dhéanann siad agóid i gcoinne ordú íocaíochta iad a chur ó chosaint a gceart, go mór mór nuair nach mbeadh i gceist sa díospóid ach suim bheag airgid.²⁵ Ní sárú ar Threoir 93/13, áfach, rialacha náisiúnta lena mbunaítear teorann leis na táillí dlíodóirí is féidir le tomhaltóirí rathúla a fháil ar ais ón díoltóir, ar choinníoll go mbíonn an tomhaltóir ábalta aisíoc a fháil as cuid chuí agus réasúnta de na costais ar ghá, go hoibiachtúil, iad a thabhu chun an chaingean a thabhairt.²⁶ I gcomhthéacs imeachtaí cúirte maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, níl reachtaíocht náisiúnta lena n-éilítear ar thomhaltóirí a gcostais féin a íoc má tharlaíonn go gcomhlíontar a n-éileamh lasmuigh den chúirt in aghaidh dhlí an Aontais Eorpaigh, ar choinníoll go gcuireann an chúirt a éistean an cás aon iompar de mheon mímhacánta ar thaobh an chosantóra san áireamh agus, i gcás gur cuí, go n-ordaíonn sí don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.²⁷

45. Tugtar le tuiscint leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit éifeachtacht na gcearta a ghabhann daoine aonair ó dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na cearta sin a ghabhtar ó Threoir 93/13, a áirithiú gurb ann do cheanglas chun cosaint dlí éifeachtach a chur ar fáil, cosaint a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt chomh maith, a mbíonn feidhm aige, *inter alia*, maidir le sainmhíniú na rialacha nós imeachta mionsonraithe lena rialaítear caingne a bhfuil cearta mar

¹⁹ Breithiúnais an 26 Meitheamh 2019, *Aleš Kuhar agus Jožef Kuhar v Addiko Bank d.d.* (C-407/18, EU:C:2019:537, mír 48), agus an 16 Iúil 2020, *Caixabank agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria* (C-224/19 agus C-259/19, EU:C:2020:578, mír 85).

²⁰ Breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Sziber* (C-483/16, EU:C:2018:367, mír 51).

²¹ Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Vicente (Caingean chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú)* (C-335/21, EU:C:2022:720, mír 56).

²² Breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Sziber* (C-483/16, EU:C:2018:367, mír 50).

²³ Breithiúnais an 13 Meán Fómhair 2018, *Profi Credit Polska* (C-176/17, EU:C:2018:711, mír 63), agus an 26 Meitheamh 2019, *Aleš Kuhar agus Jožef Kuhar v Addiko Bank d.d.* (C-407/18, EU:C:2019:537, mír 57).

²⁴ Breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Caixabank agus Banco Bilbao Vizcaya Argentaria* (C-224/19 agus C-259/19, EU:C:2020:578, mír 99).

²⁵ Breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Profi Credit Polska* (C-176/17, EU:C:2018:711, míreanna 67 go 69).

²⁶ Breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Caixabank* (C-385/20, EU:C:2022:278, míreanna 54 go 58).

²⁷ Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Servicios prescriptor y medios de pagos EFC SAU* (C-215/21, EU:C:2022:723, mír 44).

seo mar bhun leo.²⁸ Mar sin féin, ní sainchearta gan srian iad bunchearta ar nós an ceart chun cosaint dlí éifeachtach a fháil. Is féidir srian a chur leo ar choinníoll go mbíonn an tsrian sin ag teacht le cuspóirí an leasa ghinearálta atá á saothrú leis na srianta sin, agus nach bhfuil sárú do-ghlactha díréireach i gceist leo, ó thaobh na gcuspóirí sin de, lena gcuirtear isteach ar bhunús na gcearta arna ráthú.²⁹

46. I bhfianaise an chásdlí sin, ní mór scrúdú a dhéanamh an mbaintear an bonn d'éifeachtacht na cosanta a thugtar do thomhaltóirí le Treoir 93/13, arna léamh in éineacht le hAirteagal 47 den Chairt, le riail nós imeachta náisiúnta, ar nós an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí, eadhon, Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Sibhialta.

47. Tugaim do m'aire go rialaítear dámhachtain costais imeachtaí dlí a bhíonn os comhair na gcúirteanna náisiúnta le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, ceist a thagann faoi uathriail na mBallstát ó thaobh nósanna imeachta de, faoi réir urraim do phrionsabal na héifeachtachta, go háirithe. Is féidir le rialacha lena rialaítear leithroinnt costas imeachtaí dlí a bheith ina gconstaic roimh fheidhmiú éifeachtach na gceart arna ngabháil ó Threoir 93/13, os comhair cúirteanna náisiúnta. Faoi mar a d'aighnigh Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún, is cosúil go bhfuil cuspóir de chuid an leasa ghinearálta á shaothrú le hAirteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, eadhon riaradh fóna an cheartais, sa mhéid is go bhfuil mar aidhm leis socraíochtaí lasmuigh den chúirt a chur chun cinn, rud lena laghdaítear an cúram a bhíonn ar an gcóras cúirteanna.

48. Ní bhíonn ach iarracht mheasartha ag teastáil ón tomhaltóir chun éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh chun deimhin a dhéanamh de go n-íocfar leis costais na n-imeachtaí dlí má tharlaíonn go ngéilleann an cosantóir don éileamh sula ndéanann sé cosaint a sheirbheáil. I bhfianaise an chuspóra dhlisteanigh atá á shaothrú leis an riail, ní constaic dhíréireach roimh fheidhmiú na gcearta a ghabhtar ó Threoir 93/13 é an iarracht sin a bheith ina riachtanas. Is féidir an t-éileamh réamhdhlíthíochta a sheachadadh saor in aisce gan chúnamh ó dhlíodóir. Mar a d'agair Cajasur agus Rialtas na Spáinne le linn na héisteachta, féadfar an t-éileamh a sheachadadh tríd an bpost, tríd an r-phost, nó tríd an gcóras gearán nach foláir a bheith ag gach institiúid creidmheasa atá faoi mhaoirseacht Banco de España (Banc na Spáinne). I gcás na dtomhaltóirí a áirithíonn dlíodóir chun na himeachtaí a thionscnamh, mar is dealraitheach atá i gceist sna himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur, is deacra fós a thuiscint conas a d'fhéadfadh an riail a bheith ina constaic shuntasach.

49. Leagann Cajasur, Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún béim air, faoi Airteagal 395 de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, nach n-íocfaidh an cosantóir na costais más rud é, i gcomhthéacs imeachtaí dlí, go ngéilleann sé don éileamh sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh. Dhealródh sé, áfach, agus faoi réir ag an léiriú a dhéanfaidh cúirteanna na Spáinne uirthi, nach gcuireann an fhoráil aon bhac ar chúirt a rá gurb ann do mheon mímhacánta ar thaobh an chosantóra ar fhorais eile. Ní cosúil ó na cáipéisí atá os comhair na Cúirte go ndeachaigh cúirteanna na Spáinne i ngleic leis an tsaincheist sin. Sa chomhthéacs sin, is tábhachtach é a thabhairt chun cuimhne go n-éilítear leis an bprionsabal nach foláir an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh ar chúirteanna náisiúnta gach dá dtagann faoina réimse inniúlachta a dhéanamh, le corpas iomlán an dlí náisiúnta á chur san áireamh agus modhanna léirithe aitheanta a chur i bhfeidhm, d'fhonn lánéifeacht teorach a áirithiú agus chun toradh a bhaint amach atá ag teacht leis an gcuspóir atá á

²⁸ Breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Sziber* (C-483/16, EU:C:2018:367, mír 49).

²⁹ Breithiúnas an 14 Meitheamh 2017, *Menini agus Rampanelli* (C-75/16, EU:C:2017:457, míreanna 53 agus 54).

shaothrú. Cuimsítear, leis an gceanglas sin an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe, an oibleagáid atá ar chúirteanna náisiúnta cásdlí socair a athrú nuair is é is bun leis ná léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir leis na cuspóirí atá á saothrú le treoir.³⁰

50. Tá an dealramh air ón ordú tarchuir gur dhearbhaigh an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) cheana féin go bhfuil an téarma maidir le táillí morgáiste, is é sin ábhar na n-imeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ar neamhní ar fhorais éagothroime. Tugtar le fios leis an ordú tarchuir go mbíonn institiúidí creidmheasa ag feitheamh, in ionad tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le himpleachtaí an chásdlí náisiúnta sin ar a gconarthaí, go dtí go bhfaighidh siad éileamh réamhdhlíthíochta, agus sa chás sin glacfaidh siad leis, nó go dtí go ndéanfaidh na tomhaltóirí imeachtaí dlí a thionscnamh, agus sa chás sin géillfidh siad don éileamh sula ndéanfaidh siad cosaint a thaisceadh chun nach gcaithfidh siad na costais a íoc. Má chuirtear le chéile an leibhéal eolais a mbeifí ag súil leis ó na hinstiúidí creidmheasa agus an laige atá ag baint le seasamh na dtomhaltóirí,³¹ chomh maith leis an iompar a luadh thuas, d'fhéadfadh meon mímhacánta a bheith ann i gcás an chéad dreama acu, ach is ceist í sin atá le cinneadh ag an gcúirt a rinne an tarchur. Bheadh a leithéid de chur chuige ag teacht leis an éifeacht athchomhairleach a bhí mar chuspóir leis an gcóras a bunaíodh le Treoir 93/13,³² agus leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit bealaí leormhaithe agus éifeachtacha a chur ar fáil d'fhonn an úsáid leanúnach de théarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a chosc.³³

III. Conclúid

51. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, molaimse go ndéanfaidh an Chúirt na ceisteanna arna dtarchur ag Audiencia Provincial de Málaga (an Chúirt Chúige, Málaga, an Spáinn) a fhreagairt mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta agus le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór iad a léiriú ar chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta, i gcás go ngéilleann cosantóir d'éileamh in imeachtaí dlí sula ndéanann sé cosaint a thaisceadh, lena ndéantar ordú lena gceanglaítear ar an gcosantóir costais na n-imeachtaí sin a íoc a chur faoi réir an choinníll gur cinneadh gur ghníomhaigh sé de mheon mímhacánta.

³⁰ Breithiúnas an 26 Meitheamh 2019, *Aleš Kuhar agus Jožef Kuhar v Addiko Bank d.d.* (C-407/18, EU:C:2019:537, míreanna 65 agus 66). Féach freisin, ina leith sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Vicente (Caingean chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú)* (C-335/21, EU:C:2022:720, mír 74).

³¹ Féach, ina leith sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Gutiérrez Naranjo agus páirtithe eile* (C-154/15, C-307/15 agus C-308/15, EU:C:2016:980, mír 56).

³² *Ibid.*, mír 63.

³³ Breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Sziber* (C-483/16, EU:C:2018:367, mír 33) agus an 26 Meitheamh 2019, *Aleš Kuhar agus Jožef Kuhar v Addiko Bank d.d.* (C-407/18, EU:C:2019:537, mír 44).